Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0002(COD)**

**12221/18**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 1477**
**JAI 888**
**COPEN 301**
**DATAPROTECT 182**
**DAPIX 283**
**EUROJUST 118**
**FREMP 145**
**ENFOPOL 453**
**DIGIT 174**
**RELEX 759**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN**

Is oth leis an gCoimisiún gur eisíodh ó raon feidhme an Rialacháin na misin dá dtagraítear in Airteagail 42(1), 43 agus 44 CAE agus tugann sé dá aire nach mbeidh aon rialacha cosanta sonraí i bhfeidhm do na misin sin dá bharr. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhféadfaí le cinneadh ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 39 CAE, ach rialacha cosanta sonraí a leagan síos do phróiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit i gcás ina mbeifí ag déanamh na ngníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála. Ní fhéadfaí rialacha a áireamh i gcinneadh den sórt sin ón gComhairle a mbeadh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE. Chun an bhearna sin sa dlí a réiteach, bheadh gá dá bhrí sin go mbeadh ionstraim bhreise, chomhlántach, ag gabháil le cinneadh féideartha ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 16 CFAE.

Tugann an Coimisiún dá aire nach gcruthaíonn mír 3 d'Airteagal 9 (Airteagal 70a roimhe seo de Chur Chuige Ginearálta na Comhairle) oibleagáid nua ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i ndáil leis an gcothromaíocht a bheidh le baint amach idir cosaint sonraí pearsanta agus rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE**

Tacaíonn Poblacht na Slóivéine leis an gcomhréiteach "Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE", ós rud é go ndéanfar rialacha maidir le cosaint sonraí atá ann cheana agus cearta na n-ábhar sonraí a thabhairt cothrom le dáta, agus go ndéanfaidh sé cosaint sonraí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a ailíniú le hathchóiriú ar chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh ó 2016.

Ba mhian le Poblacht na Slóivéine béim a leagan arís ar a tuairim, dá ndéanfaí maoluithe a thabhairt isteach maidir le cosaint sonraí trí rialacha inmheánacha, bheadh sin i gcoinne bhunphrionsabail na cosanta sonraí, go háirithe prionsabail i dtaca le dlíthiúlacht, deimhneacht dhlíthiúil, comhréireacht agus dlisteanacht dhaonlathach (trédhearcacht).